Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 12

# Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 do phinsin, aoisliúntas, gortaithe ceirde, agus aiscí agus liúntais bhreise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntais 1834 go 2004 agus reachtanna ilghnéitheacha eile; pinsin eisreachtúla, liúntais agus aiscí arna ndámhadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; táillí do mholtóirí liachta agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúiteamh agus íocaíochtaí eile i ndáil le gortaithe pearsanta; táillí don Údarás Pinsean; íocaíochtaí ilghnéitheacha, srl.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €50.8 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socruithe rialaithe do na seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a soláthraíodh don Roinn ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a bhfuil mise i m´Oifigeach Cuntasaíochta di freisin.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

21 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2017

# Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
## Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Aoisliúntas agus liúntais scoir | 526,880 | 499,500 | 499,175 |
| | **Ollchaiteachas** | **526,880** | **499,500** | **499,175** |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **135,000** | **158,403** | **136,404** |
| | **Glanchaiteachas** | **391,880** | **341,097** | **362,771** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 50,783,203 | 23,999,338 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

Níl an nóta seo infheidhmithe. Iompraítear costais riaracháin an Vóta seo ar Vóta 18 – an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Iompraítear na costais a bhaineann le ceapadh polasaí aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire Phoiblí agus Athchóirithe.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 205 | 106 |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 29,781 | 33,285 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **29,986** | **33,391** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 12,429 | 12,858 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 17,557 | 20,533 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **29,986** | **33,391** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | — | — |
| | | | |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | — | — |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2016**<br>**€000** | **2015**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 391,880 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (50,783) | | |
| Vóta glan | | | 341,097 | 362,771 |
| | | | | |
| Costas chláir ghlan | | | (341,097) | (362,771) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

| **2.2 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 29,781 | 33,155 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | — | 130 |
| | 29,781 | 33,285 |

| **2.3 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Pinsin in-fhorchúitithe dlite ag Ranna eile | 205 | 106 |
| | 205 | 106 |

| **2.4 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 8,506 | 7,895 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 2,209 | 2,645 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 152 | 103 |
| | 10,867 | 10,643 |
| Asbhaintí pinsin deonacha coinnithe ar fionraí | 12 | — |
| Nithe creidmheasa fionraí eile | 1,550 | 2,215 |
| | 12,429 | 12,858 |

| **2.5 Dliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 50,783 | 23,999 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (33,226) | (3,466) |
| Dliteanas don Státchiste | 17,557 | 20,533 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 205 | 106 |
| Banc agus airgead tirim | 29,781 | 33,285 |
| | 29,986 | 33,391 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (10,867) | (10,643) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,562) | (2,215) |
| | (12,429) | (12,858) |
| | 17,557 | 20,533 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Aoisliúntas agus Liúntais Scoir** | | | |
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 367,200 | 357,641 | 353,859 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 41,680 | 41,181 | 42,005 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 800 | 596 | 725 |
| A.4 | Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | 92,500 | 78,049 | 80,267 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 23,000 | 21,243 | 21,687 |
| A.6 | Deontas gortaithe agus táillí leighis | 400 | 359 | 380 |
| A.7 | Táillí don Údarás Pinsean | 140 | 202 | 96 |
| A.8 | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúthaithe Cánacha 1997 | 1,105 | 176 | 101 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 55 | 53 | 55 |
| | | 526,880 | 499,500 | 499,175 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí caiteachas an chláir €27.4 milliún níos ísle ná mar a fhoráileadh. Tharla sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 9,559 | Bíonn tionchar ag líon na ndaoine ag tosnú nó ag fágáil na scéime ar an gcaiteachas faoin fo-cheannteideal seo chomh maith le meascán na ngrád, a athraíonn ó bhliain go bliain. Dá bhrí sin, tá deacrachtaí le caiteachas a mheas ó bhliain go bliain. Bunaíodh an meastachán ar an mbarúil go mbeadh 15,400 daoine ar an phá-rolla A1 ag deireadh na bliana. Ba é 15,414 líon na bpinsinéirí ag deireadh na bliana. Léiríonn an táirgeacht níos ísle (2.7% níos ísle ná mar a tuaradh) éifeacht athraithe i meascán gráid na bpinsinéirí, comh mhaith le hiarmhairt a bhí níos ísle ná mar a tuaradh i dtaca le feabhsú laghdú phinsean na seirbhíse poiblí le linn na bliana. |
| Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 204 | Íoctar pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh a d'éirigh as nó a cailleadh roimh thús scéim pinsin ranníocach sa bhliain 1969 as an bhfo-cheannteideal seo. Dá réir sin rachaidh caiteachas ar an bhfo-cheannteideal seo i laghad gach bliain de réir mar a éiríonn na faighteoirí reatha as an scéim. Is deacair an rud é méid na ndaoine a éireoidh aisti a mheas go cruinn i mbliain ar bith. Cailleadh ochtar i 2016. Bhí 37 faighteoirí sa scéim seo ag deireadh na bliana, i gcomparáid le 45 ag deireadh 2015. |
| Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | 14,451 | Bíonn tionchar ag líon na ndaoine ag tosnú nó ag fágáil na scéime ar an gcaiteachas faoin fo-cheannteideal seo chomh maith le meascán na ngrád, a athraíonn ó bhliain go bliain. Dá bhrí sin, tá deacrachtaí le caiteachas a mheas ó bhliain go bliain. Bunaíodh an meastachán ar an mbarúil go mbeadh 1,250 daoine ag éirí as i 2016. Bhí an caiteachas bunaithe ar an réamh-mheastachán de 1,250 pinsinéirí nua i 2016. Bhí an líon iarbhír (1,314) beagán níos airde ná an meastachán. Mar sin féin, bhí meán an chnapshuim €12,000 níos ísle ná an figiúr a úsáideadh don meastachán toisc athrú sa mheascán grád. Chuir an meastachán teagmhas san áireamh ach ní raibh sé de dhíth sa chás seo. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 1,757 | Tá an t-athrúchán go hiomlán inchurtha, nach mór, i leith méid na gcnapshuimeanna a íocadh d´oifigigh neamhbhunaithe, ar ionann sin agus thart ar 25% den mheastachán iomlán don fho-cheannteideal.  Bunaíodh an meastachán cnapshuime, ar luach €6 milliún i 2016, ar an gcostas bliantúil le blianta beaga anuas, agus tógadh theagmhais stuama san áireamh.  Déanta na fírinne, ba é luach iomlán na gcnapshuimeanna a íocadh ná €4.4 milliún don bhliain. |
| Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúthaithe Cánacha 1997 | 929 | Faoin Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2013, fágtar gur féidir le daoine atá faoi dhliteanas “barrachas inmhuirearaithe” i leith cánach ioncaim roghnú le haisíoc a dhéanamh thar thréimhse iar-oibre de 20 bliain, ach is gá go mbeadh an méid iomlán íoctha ag an riarthóir cistí pinsin don Ard-Bhailitheoir laistigh de trí mhí i ndiaidh don duine éirí as a phost.  Léirítear é mar mhuirear faoin bhfo-cheannteideal seo má thárlaíonn é sin.  Bunaíodh an meastachán i 2016 de €1.1 milliún ar bhonn tuisceana go gcleachtódh deichniúr státseirbhíseach ard-íoctha an ceart a leithéid de tháille a chruthú don Vóta.  Níor roghnaigh ach beirt phinsinéirí suimeanna a iarchur, ar luach iomlán €176,000 i 2016.  Íocadh é seo le hairgead ón Vóta agus déanfar aisíoc thar thréimhse 20 bliana. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltas faoi Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúite) 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin na mbaill foirne | 28,000 | 28,000 | 28,000 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, srl. | 1,000 | 1,617 | 2,149 |
| 3 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhísigh agus daoine eile | 19,500 | 17,399 | 19,739 |
| 4 | Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) | 26,900 | 29,695 | 29,872 |
| 5 | Aisíocaíocht aiscí, srl. | 500 | 295 | 851 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | 4,000 | 5,287 | 4,816 |
| 7 | Ranníocaíochtaí scéime aonair | 55,000 | 75,948 | 50,874 |
| 8 | Ilghnéitheach | 100 | 162 | 103 |
| | **Iomlán** | **135,000** | **158,403** | **136,404** |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta níos mó ná €100,000, agus níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, srl. | (617) | Tá deacrachtaí le líon na mbaill foirne ar iasacht a mheas ó bhliain go bliain. |
| Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhísigh agus daoine eile | 2,101 | D’íoc státseirbhísigh a ceapadh i ndiaidh 6 Aibreán 1995 agus atá ina bhaill den scéim bhunaithe seo na rannaíochtaí seo. Tá tuairim agus 14,000 sa ghrúpa seo ach laghdóidh sé seo bliain ar bhliain de réir mar a éiríonn daoine as a bpoist. Meas faoina luach maidir leis an gcandam dóchúil daoine ag dul ar scor ón gcohórt seo sa bhliain is cúis leis an difríocht leis an meastachán. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) | (2,795) | D’íoc státseirbhísigh a ceapadh i ndiaidh 6 Aibreán 1995 agus roimh 1 Eanáir 2013 agus atá ina bhaill den scéim bhunaithe seo na rannaíochtaí seo.  Tá tuairim agus 16,400 sa chóhort seo ach laghdóidh sé seo de réir mar a éiríonn daoine as a bpoist.  Rómheastachán maidir leis an gcandam dóchúil daoine ag dul ar scor ón gcohórt seo sa bhliain is cúis leis an difríocht leis an meastachán. |
| Aisíocaíocht aiscí, srl. | 205 | Tá deacrachtái le líon na naiscí a aisíocfar a mheas ó bhliain go bliain. |
| Ceannach meas-seirbhíse | (1,287) | Tá deacrachtaí le fáltais a mheas mar go bhfuil rogha ag oifigigh meas-seirbhís a cheannach. |
| Ranníocaíochtaí scéime aonair | (20,948) | Tháinig Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm do iontrálaithe nua in Eanáir 2013. Léiríonn méid fháltais an Vóta na rannaíochtaí atá déanta ag iontrálaithe nua i mbliana.  Cé go ndéantar monatóireacht ar an líon sa tSeirbhís Phoiblí ar bhonn lárnach, déantar bainistíocht áitiúil ar líon na h-iontrálaithe nua, an tréimhse ina gceaptar iad, agus a ngráid agus a leibhéal pá, agus mar sin bíonn difríocht ann ó bhliain go bliain.  Cuireadh tús le tionscnamh mór i 2016 le measúnú agus moltaí a dhéanamh ar samhail foistine oibriúcháin don scéim aonair. |

# 5 Líon na bhFostaithe agus na bPinsinéirí

**5.1 Foireann**

Íoctar gach ball foirne a fhostaítear i riaracháin agus in íocaíocht aoisliúntais a ghearrtar don Vóta seo ó Vóta 18 Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte. Gearrtar costais na foirne atá ag tabhairt faoi cheapadh polasaí aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire um Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú.

**5.2 Pinsinéirí**

Leagtar amach thíos anailís den líon iomlán pinsinéirí in íocaíocht de réir ceannteidil ag deireadh na bliana.

| | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 15,414 | 14,428 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 2,816 | 2,783 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 37 | 44 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 4,634 | 4,614 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 3 | 3 |
| | | 22,904 | 21,872 |

**5.3 Seirbhísí Gníomhaireachta um Íocaíocht Pinsin**

Déanann an Roinn (Vóta 12) íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de na gcomhlachtaí atá leagtha amach thíos

| **Ainm an chomhlachta** | **Líon na bpinsinéirí** | **Oll-luach (in aghaidh na bliana) €m** |
|---|---|---|
| Pinsin Choiste Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bhoird Oideachais agus Oiliúna | 9,113 | 253 |
| Pinsin Fás/Solas | 1,565 | 30 |

Gearrtar na suimeanna a íoctar ar an Vóta um Oideachais agus Scileanna (Vóta 26).

**5.4 Ró-íocaíochtaí pinsin**

Bhí ró-íocaíochtaí de €123,319 (41 cás), (2015: €257,832 – 81 cás) ag deireadh na bliana agus tá plean téarnaimh ann i ngach cás.

**5.5 Scaoilíocaíochtaí**

Íocadh scaoilíocaíochtaí ar luach iomlán €189,320 do bheirt Ard-Rúnaí a scoir i 2016 faoi scéim ar cuireadh deireadh léi do cheapaithe nua i Samhain 2011. Gearrtar scaoilíocaíochtaí ar fho-cheannteideal A.1 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Laghdú Pinsin

Forálann Acht na bPinsean (Laghdú) 1965 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go ndéantar pinsin na státseirbhísigh atá coinnithe nó athfhostaithe tar éis na gnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhaidís dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Forálann an reachtaíocht freisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I 2016, laghdaíodh pinsin 22 státseirbhísigh scortha go hiomlán nó go páirteach. Ba é €98,441an méid iomlán a laghdaíodh in 2016.

### 6.2 Costais Dlí

Íocadh costais dlí sna catagóirí seo a leanas i rith na bliana:

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí íoctha ag an Roinn** | **Costais dlí a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh maidir le feidhmeanna pinsin an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** | 2 | — | 57 | 57 | — |
| | | — | 57 | 57 | — |